CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 225 an 30 Iúil 2014)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge)

Leathanach 2, Aithris 6:

In ionad: "(6) Ina rún an 7 Iúil 2010 ina raibh moltaí don Choimisiún um Bainistíocht Géarchéime Trasteorann san Earnáil Baincéireachta, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún teachtaireacht a thíolacadh "ar bhonn Airteagal 50 agus Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, togra reachtacha amháin nó níos mó a bhaineann le creatlach AE chun géarchéimeanna a bhainistiú, ciste cobhsaíochta airgeadais AE, agus aonad réitigh" agus, ina rún an 20 Samhain 2012 ina raibh moltaí don Choimisiún maidir le tuarascáil Uachtaráin na Comhairle Eorpaí, an Choimisiúin Eorpaigh, an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus Ghrúpa an Euro "I dTreo fíor- Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta", luadh "go raibh briseadh suas lúb an aiseolais dhiúltaigh idir flaithiúnais, bainc agus an fíorgheilleagar sár-riachtanach d'fheidhmiú rianúil AEA", leagadh béim "ar an ngéarghá le bearta breise agus forleithne chun an ghéarchéim san earnáil bhaincéireachta a réiteach" agus chun "aontas baincéireachta Eorpach atá i bhfeidhm go hiomlán a réadú;" agus a áirithiú "an margadh inmheánach do sheirbhísí airgeadais agus do shaorghluaiseacht chaipitil a bheith ag feidhmiú i gceart agus go leanúnach".",

Léitear: "(6) Ina rún an 7 Iúil 2010 ina raibh moltaí don Choimisiún um Bainistíocht Géarchéime Trasteorann san Earnáil Baincéireachta, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún teachtaireacht a thíolacadh "ar bhonn Airteagal 50 agus Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, togra reachtacha amháin nó níos mó a bhaineann le creatlach AE chun géarchéimeanna a bhainistiú, ciste cobhsaíochta airgeadais AE, agus aonad réitigh" agus, ina rún an 20 Samhain 2012 ina raibh moltaí don Choimisiún maidir le tuarascáil Uachtaráin na Comhairle Eorpaí, an Choimisiúin Eorpaigh, an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus Ghrúpa an Euro "I dTreo fíor- Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta", luadh "go raibh briseadh suas lúb an aiseolais dhiúltaigh idir ceannasaigh, bainc agus an fíorgheilleagar sár-riachtanach d'fheidhmiú rianúil AEA", leagadh béim "ar an ngéarghá le bearta breise agus forleithne chun an ghéarchéim san earnáil bhaincéireachta a réiteach" agus chun "aontas baincéireachta Eorpach atá i bhfeidhm go hiomlán a réadú;" agus a áirithiú "an margadh inmheánach do sheirbhísí airgeadais agus do shaorghluaiseacht chaipitil a bheith ag feidhmiú i gceart agus go leanúnach".";

Leathanach 5, Aithris 19:

In ionad: "(19) Is eilimint riachtanach é ciste réitigh aonair ("Ciste") nach bhfheidhmeodh SRA i gceart dá uireasa. Dá mba ar bhonn náisiúnta a leanfaí den chistiú a dhéanamh i gcónaí ar réiteach san fhadtéarma, ní bhrisfí an nasc idir flaithiúnais agus an earnáil baincéireachta go hiomlán, agus leanfadh infheisteoirí ar aghaidh ag bunú coinníollacha iasachtaíochta i gcomhréir le háit bhunaíochta na mbanc seachas lena gcreidiúnacht. Ba cheart an Ciste a bheith ina chuidiú le cleachtas aonfhoirmeach riaracháin a áirithiú ó thaobh réiteach a mhaoiniú agus ó thaobh cosc a chur ar theacht chun cinn bacainní le feidhmiú saoirsí bunúsacha nó saobhadh na hiomaíochta sa mhargadh inmheánach i ngeall ar chleachtais éagsúla náisiúnta. Ba cheart go maoineodh ranníocaíochtaí banc a cruinníodh ar an leibhéal náisiúnta an Ciste agus ba cheart é a chomhthiomsú ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le comhaontú idir-rialtasach maidir le haistriú agus frithpháirtiú forásach na ranníocaíochtaí sin (an "Comhaontú"), agus ar an dóigh sin an chobhsaíocht airgeadais a mhéadú agus srian a chur leis an nasc idir an staid bhúiséadach a mheastar a bheith ag Ballstáit aonair agus costais cistiúcháin na mbanc agus na ngnólachtaí a fheidhmíonn sna Ballstáit sin. Chun an nasc sin a bhriseadh a thuilleadh, níor cheart go gcuirfeadh cinntí a ghlacfar laistigh de SRA isteach ar fhreagrachtaí búiséadacha na mBallstát. Maidir leis sin, níor cheart ach tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a mheas a bheith ina sárú ar fhlaithiúnas buiséadacha agus ar fhreagrachtaí búiséadacha na mBallstát. Go háirithe, níor cheart cinntí a cheanglaíonn úsáid an Chiste nó an scéim ráthaíochta taiscí a mheas a bheith ina sárú ar fhlaithiúnas buiséadach nó ar fhreagrachtaí búiséadacha na mBallstát.",

Léitear: "(19) Is eilimint riachtanach é ciste réitigh aonair ("Ciste") nach bhfheidhmeodh SRA i gceart dá uireasa. Dá mba ar bhonn náisiúnta a leanfaí den chistiú a dhéanamh i gcónaí ar réiteach san fhadtéarma, ní bhrisfí an nasc idir ceannasaigh agus an earnáil baincéireachta go hiomlán, agus leanfadh infheisteoirí ar aghaidh ag bunú coinníollacha iasachtaíochta i gcomhréir le háit bhunaíochta na mbanc seachas lena gcreidiúnacht. Ba cheart an Ciste a bheith ina chuidiú le cleachtas aonfhoirmeach riaracháin a áirithiú ó thaobh réiteach a mhaoiniú agus ó thaobh cosc a chur ar theacht chun cinn bacainní le feidhmiú saoirsí bunúsacha nó saobhadh na hiomaíochta sa mhargadh inmheánach i ngeall ar chleachtais éagsúla náisiúnta. Ba cheart go maoineodh ranníocaíochtaí banc a cruinníodh ar an leibhéal náisiúnta an Ciste agus ba cheart é a chomhthiomsú ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le comhaontú idir-rialtasach maidir le haistriú agus frithpháirtiú forásach na ranníocaíochtaí sin (an "Comhaontú"), agus ar an dóigh sin an chobhsaíocht airgeadais a mhéadú agus srian a chur leis an nasc idir an staid bhuiséadach a mheastar a bheith ag Ballstáit aonair agus costais cistiúcháin na mbanc agus na ngnólachtaí a fheidhmíonn sna Ballstáit sin. Chun an nasc sin a bhriseadh a thuilleadh, níor cheart go gcuirfeadh cinntí a ghlacfar laistigh de SRA isteach ar fhreagrachtaí buiséadacha na mBallstát. Maidir leis sin, níor cheart ach tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a mheas a bheith ina sárú ar cheannasacht bhuiséadach agus ar fhreagrachtaí buiséadacha na mBallstát. Go háirithe, níor cheart cinntí a cheanglaíonn úsáid an Chiste nó an scéim ráthaíochta taiscí a mheas a bheith ina sárú ar cheannasacht bhuiséadach nó ar fhreagrachtaí buiséadacha na mBallstát.";

Leathanach 6, Aithris 24:

In ionad: "(24) Ós rud é nach bhféadfaidh ach institiúidí an Aontais comhbheartas réitigh an Aontais a bhunú agus ós rud é go bhfanann lamháil discréide i nglacadh gach scéime réitigh ar leith, tá sé riachtanach foráil a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht leordhóthanach na Comhairle agus an Choimisiúin, mar institiúidí a fhéadfaidh cumhachtaí cur chun feidhme a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE. Ba cheart go bhfeidhmeodh an Coimisiún meastóireacht ar ghnéithe lánroghnacha na gcinntí a thógann an Bord. Ráite an tionchar suntasach a bhíonn ag na cinntí réitigh ar chobhsaíocht airgeadais na mBallstát agus ar an Aontas, mar sin, agus ar fhlaithiúnas buiséadach na mBallstát chomh maith, tá sé tábhachtach go dtabharfar an chumhacht cur chun feidhme don Chomhairle chun cinntí áirithe a ghlacadh a bhaineann le réiteach. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé faoin gComhairle, ar thogra ón gCoimisiún, rialú éifeachtach a fheidhmiú ar an meastóireacht ón mBord go bhfuil leas an phobail ann agus chun measúnú a dhéanamh ar aon athrú ábhartha ar mhéid an Chiste a bheidh le húsáid i ngníomhaíocht réitigh ar leith. Thairis sin, ba cheart go gcumhachtófaí don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na critéir bhreise nó na coinníollacha breise a shonrú a bheidh le cur i gcuntas ag an mBord i bhfeidhmiú a chumhachtaí éagsúla. Níor cheart go gcuirfeadh bronnadh cúraimí réitigh den sórt sin isteach ar shlí ar bith ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí airgeadais. Dá bhrí sin, ba cheart do ÚBE a ról a choimeád ar bun agus a chumhachtaí agus a chúraimí atá ann cheana féin a choinneáil: ba cheart go ndéanfadh sé reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit uile a fhorbairt, agus rannchuidiú leis, agus ba cheart go ndéanfadh sé cóineasú na gcleachtas réitigh ar fud an Aontais ina iomláine a fheabhsú.",

Léitear: "(24) Ós rud é nach bhféadfaidh ach institiúidí an Aontais comhbheartas réitigh an Aontais a bhunú agus ós rud é go bhfanann lamháil discréide i nglacadh gach scéime réitigh ar leith, tá sé riachtanach foráil a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht leordhóthanach na Comhairle agus an Choimisiúin, mar institiúidí a fhéadfaidh cumhachtaí cur chun feidhme a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE. Ba cheart go bhfeidhmeodh an Coimisiún meastóireacht ar ghnéithe lánroghnacha na gcinntí a thógann an Bord. Ráite an tionchar suntasach a bhíonn ag na cinntí réitigh ar chobhsaíocht airgeadais na mBallstát agus ar an Aontas, mar sin, agus ar cheannasacht bhuiséadach na mBallstát chomh maith, tá sé tábhachtach go dtabharfar an chumhacht cur chun feidhme don Chomhairle chun cinntí áirithe a ghlacadh a bhaineann le réiteach. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé faoin gComhairle, ar thogra ón gCoimisiún, rialú éifeachtach a fheidhmiú ar an meastóireacht ón mBord go bhfuil leas an phobail ann agus chun measúnú a dhéanamh ar aon athrú ábhartha ar mhéid an Chiste a bheidh le húsáid i ngníomhaíocht réitigh ar leith. Thairis sin, ba cheart go gcumhachtófaí don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na critéir bhreise nó na coinníollacha breise a shonrú a bheidh le cur i gcuntas ag an mBord i bhfeidhmiú a chumhachtaí éagsúla. Níor cheart go gcuirfeadh bronnadh cúraimí réitigh den sórt sin isteach ar shlí ar bith ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí airgeadais. Dá bhrí sin, ba cheart do ÚBE a ról a choimeád ar bun agus a chumhachtaí agus a chúraimí atá ann cheana féin a choinneáil: ba cheart go ndéanfadh sé reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit uile a fhorbairt, agus rannchuidiú leis, agus ba cheart go ndéanfadh sé cóineasú na gcleachtas réitigh ar fud an Aontais ina iomláine a fheabhsú.";

Leathanach 23, pointe 30 d'Airteagal 3(1):

In ionad: "(30) ciallaíonn "uirlis díolacháin ghnó" an sásra chun go ndéanfadh údarás réitigh scaireanna nó ionstraimí eile úinéireachta arna n-eisiúint ag institiúid faoi réiteach, nó sócmhainní, cearta nó dliteanais institiúide faoi réiteach le ceannaitheoir nach droichead-institiúid é, i gcomhréir le hAirteagal 24;",

Léitear: "(30) ciallaíonn "uirlis díolacháin ghnó" an sásra chun go ndéanfadh údarás réitigh ionstraimí úinéireachta arna n-eisiúint ag institiúid faoi réiteach, nó sócmhainní, cearta nó dliteanais de chuid institiúide faoi réiteach, a aistriú chuig ceannaitheoir nach droichead-institiúid é, i gcomhréir le hAirteagal 24;";

Leathanach 23, pointe 31 d'Airteagal 3(1):

In ionad: "(31) Ciallaíonn "uirlis droichead-institiúide" sásra chun ionstraimí úinéireachta arna n-eisiúint ag institiúid faoi réiteach nó sócmhainní, cearta nó dliteanais institiúide faoi réiteach a aistriú chuig droichead-institiúid, i gcomhréir le hAirteagal 25;",

Léitear: "(31) Ciallaíonn "uirlis droichead-institiúide" an sásra chun ionstraimí úinéireachta arna n-eisiúint ag institiúid faoi réiteach, nó sócmhainní, cearta nó dliteanais de chuid institiúide faoi réiteach, a aistriú chuig droichead-institiúid, i gcomhréir le hAirteagal 25;";

Leathanach 23, pointe 32 d'Airteagal 3(1):

In ionad: "(32) ciallaíonn "uirlis deighilte sócmhainní" sásra chun aistriú a dhéanamh ar shócmhainní, ar chearta nó ar dhliteanais institiúide faoi réiteach chuig gléas bainistíochta sócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 26;",

Léitear: "(32) ciallaíonn "uirlis deighilte sócmhainní" an sásra chun aistriú a dhéanamh ar shócmhainní, ar chearta nó ar dhliteanais de chuid institiúide faoi réiteach chuig gléas bainistíochta sócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 26; ";

Leathanach 23, pointe 33 d'Airteagal 3(1):

In ionad: "(33) ciallaíonn "uirlis fortharrthála" an sásra chun na cumhachtaí díluachála agus comhshó a fheidhmiú i ndáil le dliteanais institiúide faoi réiteach i gcomhréir le hAirteagal 27;",

Léitear: "(33) ciallaíonn "uirlis fortharrthála" an sásra chun na cumhachtaí díluachála agus comhshó a fheidhmiú i ndáil le dliteanais de chuid institiúide faoi réiteach i gcomhréir le hAirteagal 27;";

Leathanach 24, pointe 50 d'Airteagal 3(1):

In ionad: "(50) ciallaíonn "scéim ráthaíochta taiscí" scéim ráthaíochta taiscí arna tugadh isteach agus arna aithint go hoifigiúil ag Ballstát de bhun Airteagal 4 de Threoir 2014/49/AE;",

Léitear: "(50) ciallaíonn "scéim ráthaíochta taiscí" scéim ráthaíochta taiscí arna tabhairt isteach agus arna haithint go hoifigiúil ag Ballstát de bhun Airteagal 4 de Threoir 2014/49/AE;";

Leathanach 26, Airteagal 6(6):

In ionad: "6. Ní cheanglóidh cinntí nó gníomhaíochtaí de chuid an Bhoird ná na Comhairle ná an Choimisiúin ar na Ballstáit tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a sholáthar ná cur isteach ar cheannasacht bhuiséadach ná a fhreagrachtaí búiséadacha na mBallstát.",

Léitear: "6. Maidir le cinntí nó gníomhaíochtaí de chuid an Bhoird nó na Comhairle nó an Choimisiúin, ní cheanglóidh siad ar na Ballstáit tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a sholáthar ná ní chuirfidh siad isteach ar cheannasacht bhuiséadach ná ar fhreagrachtaí buiséadacha na mBallstát.".